C/2026/4985

25.9.2026

Achoimre ar an gCinneadh ón gCoimisiún

an 23 Iúil 2026

a bhaineann le cinneadh de bhun Airteagal 29(1), pointe (a), Airteagal 30(1), pointe (a), agus Airteagal 31(1), pointe (h), de Rialachán (AE) 2022/1925

(Cás DMA.100193 — Alphabet — Inneall cuardaigh ar líne — Google Search — Airteagal 6(5))

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026) 5358 final)

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

(C/2026/4985)

An 23 Iúil 2026, ghlac an Coimisiún cinneadh de bhun Airteagal 29(1), pointe (a), Airteagal 30(1), pointe (a), agus Airteagal 31(1), pointe (h), de Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]). I gcomhréir le forálacha Airteagal 44 de Rialachán (AE) 2022/1925, foilsíonn an Coimisiún leis seo ainmneacha na bpáirtithe agus príomhábhar an chinnidh, ag féachaint do leas dlisteanach gnóthas maidir lena rúin ghnó a chosaint.

1. **RÉAMHRÁ**

(1) Leagtar amach sa chinneadh maidir le neamhchomhlíonadh (an 'Cinneadh') torthaí an Choimisiúin nach gcomhlíonann Alphabet Airteagal 6(5) de Rialachán (AE) 2022/1925 i ndáil lena inneall cuardaigh ar líne Google Search, ar croísheirbhís ardáin é. Caitheann Alphabet lena sheirbhísí féin ar bhealach níos fabhraí ó thaobh rangú de ná seirbhísí comhchosúla tríú páirtithe. Tagraítear sa Chinneadh don liosta seo a leanas de sheirbhísí Alphabet: Seirbhísí siopadóireachta comparáide Alphabet, a sheirbhís idirghabhála eitiltí, seirbhís idirghabhála traenacha, seirbhís idirghabhála lóistín, seirbhís idirghabhála áiteanna, Google Maps, seirbhís aistriúcháin Alphabet, a sheirbhís faisnéise spóirt agus a sheirbhís cluichíochta.

(2) Mar thoradh air sin, ordaítear leis an gCinneadh do Alphabet deireadh a chur leis an neamhchomhlíonadh laistigh de 60 lá ón bhfógra faoin gCinneadh, gearrtar fíneáil ar Alphabet, chomh maith le híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a d'fhéadfadh a bheith ann mura gcomhlíonann Alphabet an t-ordú stop agus scoir a leagtar amach sa Chinneadh.

2. **CREAT DLÍTHIÚIL**

(3) De bhun Airteagal 6(5) de Rialachán (AE) 2022/1925, ní chaithfidh geatóir ar bhealach níos fabhraí, ó thaobh rangú agus innéacsú agus ransú gaolmhar, le seirbhísí agus táirgí a thairgeann an geatóir féin i gcomórtas le seirbhísí nó táirgí ó thríú páirtí. Cuirfidh an geatóir coinníollacha trédhearcacha, cothroma agus neamh-idirdhealaitheacha i bhfeidhm maidir le rangú den sórt sin.

(4) Le hAirteagal 2, pointe (22), de Rialachán (AE) 2022/1925 sainmhínítear 'rangú' mar '*(…) an tábhacht a thugann innill chuardaigh ar líne do thorthaí cuardaigh, de réir mar a dhéanann na gnóthais a sholáthraíonn (…) innill chuardaigh ar líne iad a léiriú, a eagrú nó a chur in iúl, gan beann ar an modh teicneolaíochta a úsáidtear do léiriú, d'eagrú nó do chumarsáid den sórt sin agus gan beann ar na cásanna nach léirítear nó nach gcuirtear ach aon toradh amháin in iúl*'.

(5) Le hAirteagal 2, pointe (6), de Rialachán (AE) 2022/1925 sainmhínítear innill chuardaigh ar líne trí thagairt d'Airteagal 2, pointe (5), de Rialachán (AE) 2019/1150 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) mar '*seirbhís dhigiteach a chuireann ar chumas úsáideoirí iarratais a ionchur chun cuardaigh a dhéanamh, i bprionsabal, ar gach suíomh gréasáin nó gach suíomh gréasáin i dteanga faoi leith, ar bhonn iarratas ar aon ábhar i bhfoirm eochairfhocail, glao-iarraidh, frása nó ionchuir eile, agus a sheolann torthaí ar ais in aon fhormáid ina bhfuil faisnéis le fáil a bhaineann leis an ábhar a iarradh*'.

([1]) Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (An Gníomh um Margaí Digiteacha) (IO L 265, 12.10.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/1925/oj).

([2]) Rialachán (AE) 2019/1150 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothroime agus trédhearcacht a chur chun cinn d'úsáideoirí gnó a bhaineann úsáid as seirbhísí idirghabhála ar líne (IO L 186, 11.7.2019, lch. 57, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1150/oj).

(6) Mar sin, ní chomhlíonann Alphabet Airteagal 6(5) de Rialachán (AE) 2022/1925 sna cásanna seo a leanas: (i) soláthraíonn Alphabet seirbhís atá ar leithligh nó sa bhreis ar Google Search, agus atá rangaithe ag an inneall cuardaigh ar líne sin; (ii) tairgeann tríú páirtithe seirbhísí atá cosúil le seirbhís ar leith nó seirbhís bhreise Alphabet agus rangaíonn an t-inneall cuardaigh ar líne na seirbhísí tríú páirtithe sin freisin; agus (iii) caitheann Alphabet lena sheirbhísí ar leith féin nó lena sheirbhísí breise féin ar bhealach níos fabhraí ó thaobh rangú de ná seirbhísí comhchosúla tríú páirtithe.

3. **MEASÚNÚ AN CHOIMISIÚIN**

(7) Cinneann an Coimisiún nach gcomhlíonann Google Search san Aontas Airteagal 6(5) de Rialachán (AE) 2022/1925. Dar leis an gCoimisiún, ar an leathanach torthaí ó inneall cuardaigh de chuid Google Search rangaítear raon seirbhísí de chuid Alphabet féin, arb é atá iontu seirbhísí ar leith ó Google Search agus seirbhísí a rangaítear ar bhealach níos fabhraí ná seirbhísí comhchosúla de chuid tríú páirtithe.

(8) Ar an gcéad dul síos, baineann sé sin le Google Maps. Ainmnítear Google Maps mar sheirbhís idirghabhála ar líne faoi Rialachán (AE) 2022/1925 agus, dá bhrí sin, is seirbhís ar leith é ó Google Search. Rangaítear seirbhísí comhchosúla tríú páirtithe (i.e., seirbhísí mapála eile) ar an leathanach torthaí ó inneall cuardaigh freisin. Mar sin féin, ós rud é go bhforchoimeádtar cnaipe na dtreonna agus cnaipe an tseolta go heisiach le haghaidh Google Maps, rangaítear seirbhísí tríú páirtí comhchosúla ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna.

(9) Ar an dara dul síos, is seirbhísí ar leith iad freisin aonaid eile a thaispeántar mar fhreagairt ar cheisteanna idirbheartaíochta (is iad sin, aonad na bhfógraí táirge, aonad na dtáirgí, aonad na n-aerlínte, aonad na dtraenacha, aonad an lóistín agus aonad na n-áiteanna). Ar an gcéad dul síos, tá cuspóir eile ag na haonaid sin seachas cuardach ginearálta amháin. Le taispeáint chaighdeánaithe tairiscintí iomaíocha le sonraí tráchtála amhail praghsanna, rátálacha agus léirmheasanna, cuirtear ar a gcumas d'úsáideoirí tairiscintí a chur i gcomparáid go díreach ar an leathanach torthaí ó inneall cuardaigh. I ngach cás, taispeánann Google Search sliseanna aicearraí iarratais, mar a thugtar orthu, faoin mbarra cuardaigh, trínar féidir le húsáideoirí a n-iarratas a bheachtú. Maidir le hiarratais a bhaineann le taisteal, tagann aonad na n-eitiltí, aonad na dtraenacha agus aonad an lóistín le sliseanna a ligeann d'úsáideoirí na dátaí taistil agus an líon aíonna a roghnú ó roghchlár anuas. Ar an dara dul síos, ní chuirtear na haonaid sin le chéile trí chuardaigh a dhéanamh, i bprionsabal, ar na suíomhanna gréasáin uile. Ina ionad sin, níl siad oscailte ach do shraith theoranta suíomhanna gréasáin a sholáthraíonn fothaí sonraí do Alphabet, mar shampla. I ngach ceann de na catagóirí sin, rangaíonn an leathanach torthaí ó inneall cuardaigh seirbhísí comhchosúla tríú páirtithe freisin. Áirítear leis sin uirlisí comparáide praghsanna, innill mheiteachuardaigh agus ardáin áirithinte arna dtairiscint ag tríú páirtithe. Murab ionann agus iad sin, taispeántar seirbhísí Alphabet féin i bhformáid shaibhrithe ar bharr na dtorthaí orgánacha, i.e. rangaítear ar bhealach níos fabhraí iad.

(10) Ar an tríú dul síos, is seirbhísí ar leith ó Google Search iad na haonaid a thaispeántar mar fhreagairt ar iarratais a bhaineann le hábhar (aonad an aistriúcháin, aonad an spóirt agus aonad na gcluichí). Tá cuspóir difriúil acu i gcomparáid le hinneall cuardaigh ar líne agus ní chuirtear le chéile iad trí chuardaigh a dhéanamh, i bprionsabal, ar gach suíomh gréasáin. Tá aonad an aistriúcháin, lena n-áirítear a fheidhmiúlachtaí aistriúcháin, cosúil le seirbhís aistriúcháin nó foclóir ar líne a bhraitheann ar theicneolaíochtaí agus ar shonraí ceadúnaithe Alphabet féin. Cuireann an t-aonad spóirt lear mór faisnéis cheadúnaithe ar fáil maidir le foirne spóirt, cluichí agus an tsraith. Cuireann aonad na gcluichí ar a gcumas d'úsáideoirí cluichí atá códaithe ag Alphabet a imirt go díreach ar an leathanach torthaí ó inneall cuardaigh. I gcás gach ceann de na seirbhísí sin, tá seirbhísí comhchosúla tríú páirtithe ann a rangaítear ar an leathanach torthaí ó inneall cuardaigh, is iad sin, seirbhísí aistriúcháin ar líne, seirbhísí faisnéise spóirt agus suíomhanna gréasáin cluichí. Murab ionann agus na seirbhísí sin, taispeántar seirbhísí Alphabet féin go feiceálach ar bharr an leathanaigh torthaí ó inneall cuardaigh agus, dá bhrí sin, rangaítear ar bhealach níos fabhraí iad.

4. **ORDÚ STOP AGUS SCOIR**

(11) I bhfianaise a bhfuil thuas, ordaíonn an Coimisiún do Alphabet, de bhun Airteagal 29(5) de Rialachán (AE) 2022/1925, deireadh a chur leis an neamhchomhlíonadh go héifeachtach laistigh de 60 lá féilire ó dháta an fhógra faoin gCinneadh.

(12) Chun é sin a dhéanamh, ba cheart do Alphabet cóir chomhionann a áirithiú idir a sheirbhísí ar leith féin nó a sheirbhísí breise féin atá rangaithe ar Google Search, ar thaobh amháin, agus seirbhísí comhchosúla a thairgeann tríú páirtithe atá rangaithe ar Google Search freisin, ar an taobh eile.

(13) Is faoi Alphabet atá sé na bearta a shainaithint agus a chur chun feidhme chun comhlíontacht le hAirteagal 6(5) de Rialachán (AE) 2022/1925 a áirithiú. Ar thaobh amháin, is féidir le Alphabet an tsuntasacht a thugann sé dá sheirbhísí ar leith féin nó dá sheirbhísí breise féin a leathnú go cothrom chun seirbhísí comhchosúla a thairgeann tríú páirtithe a chumhdach. Ar an taobh eile, féadfaidh Alphabet deireadh a chur le gach suntasacht a thugann sé dá sheirbhísí ar leith féin nó dá sheirbhísí breise féin.

(14) Chomh maith leis an neamhchomhlíonadh a fhoirceannadh, ba cheart do Alphabet bearta a chur chun feidhme lena gcuirtear cosc ar atarlú an neamhchomhlíonta.

5. **FÍNEÁLACHA AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ PIONÓSACHA TRÉIMHSIÚLA**

(15) I bhfianaise an mhéid thuas, gearrtar leis an gCinneadh fíneáil EUR 460 000 000 ar Alphabet de bhun Airteagal 30(1) de Rialachán (AE) 2022/1925. Ní sháraíonn an fhíneáil a ghearrtar an t-uasmhéid a cheadaítear de 10 % de láimhdeachas domhanda Alphabet, de bhun Airteagal 30(1) de Rialachán (AE) 2022/1925.

(16) Léirítear sa Chinneadh freisin go dtabhóidh Alphabet íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla nach sáróidh an teorainn a shonraítear in Airteagal 31(1) de Rialachán (AE) 2022/1925 mura gcomhlíonfaidh sé an t-ordú stop agus scoir.

6. **CONCLÚID**

(17) Ar na cúiseanna a leagtar amach thuas, cinntear leis an gCinneadh nach gcomhlíonann an rangú ar Google Search Airteagal 6(5) de Rialachán (AE) 2022/1925. Ar an gcúis sin, gearrtar fíneáil ar Alphabet leis an gCinneadh. Thairis sin, forchuirtear leis an gCinneadh ordú stop agus scoir ar Alphabet chun deireadh a chur leis an sárú laistigh de 60 lá féilire ó dháta an fhógra faoin gCinneadh agus leagtar amach ann go dtabhóidh Alphabet íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla laistigh de theorainneacha Airteagal 31(1) de Rialachán (AE) 2022/1925 mura gcomhlíonann sé an Cinneadh.